MÍCHEÁL Ó BROIN AGUS LÁMHSCRÍBHINNÍ GAEILGE OLLSCOIL WISCONSIN

Sa réamhrá spéisiúil atá ag Cornelius G. Buttimer lena *Catalogue of Irish manuscripts in the University of Wisconsin–Madison*, faighimid amach gur ceannaíodh an bailiúchán ó 'Miss Anna O'Byrne of 51 Hamilton Place, New York'.[1] Deir Buttimer linn: 'It seems that the lady's father, rather than Miss O'Byrne herself, was the original collector of the material. The father's signature, Michael O'Byrne or in its Irish form Micheál Ó Broin, occurs in MSS 178 and 182 below'.[2] Tuairimíonn Buttimer faoin mBranach ansin, 'He may also have been familiar with the circle of Irish-language scholars and enthusiasts active in New York at the turn of the century'.[3] Tá an ceart ag Buttimer faoi sin agus ó tharla go bhfuil roinnt tagairtí faighte agam do Mhícheál Ó Broin (agus do dhaoine eile a raibh baint acu le ceann de na lámhscríbhinní) le linn dom bheith ag obair ar stair na Gaeilge i Meireacá, shíl mé go mb'fhéidir nár mhiste dhom cúpla pointe faoi na daoine seo a chur síos anseo.

Bhí roinnt mhaith daoine ag saothrú na Gaeilge i Meireacá sa tréimhse 1875–1925. Tá beagán foilsithe cheana ar Phádraig Feiritéar[4] agus ar Mhícheál Ó Lócháin, eagarthóir *An Gaodhal*.[5] Ach bhí daoine ann thartu seo a chaith cuid mhór dá saol sna Stáit Aontaithe ag bailiú béaloidis agus ag múineadh na teanga. Duine acu seo a b'ea Mícheál Ó Broin.

Rugadh é i gContae Phort Láirge sa mbliain 1848 nó 1849. D'fhreastail sé tamall ar Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, agus tháinig sé go Meireacá thart ar 1878. Chomh luath le 1883 bhí sé ina 'general agent' don 'New York Life Insurance Company'. I Nua-Eabhrac, d'fhreastail sé ar Saint Francis Xavier College agus bhí sé ina 'Professor of Latin and Greek' ag Mount Loretto College. Mhúin sé ranganna Gaeilge san oíche ag Ollscoil Cholumbia ó 1914 go dtína bhás. Bhí sé ar feadh blianta ina Uachtarán ar Chumann na Gaeilge, Nua-Eabhrac. Cailleadh é ar an 16 Meitheamh 1928 ina áit chónaithe i Nua-Eabhrac.[6]

Sin achoimre ghearr ar a shaol. Ach tá i bhfad níos mó eolais ná sin ar fáil faoi. De réir dealraimh ba chainteoir dúchais as na Déise é. Ar chaoi ar bith tá an méid sin ráite ina fhógra báis san *Gaelic American* 30 Meitheamh 1928:

[1] C. G. Buttimer, *Catalogue of Irish manuscripts in the University of Wisconsin–Madison* (Dublin 1989) 2.

[2] ibid.

[3] ibid.

[4] S. Ó Sé, 'Pádraig Feiritéar (1856–1924): a shaol agus a shaothar', *Kerry Arch. and Hist. Soc. Jn.* 3 (1970) 116–30.

[5] B. Ó Buachalla, '*An Gaodhal* i Meiriceá', in S. Ó hAnnracháin (eag.), *Go Meiriceá siar* ([Baile Átha Cliath] 1979) 65–90; F. Uí Fhlannagáin, *Mícheál Ó Lócháin agus* An Gaodhal (Baile Átha Cliath 1990).

[6] An t-eolas ar fad sa bparagraf seo ó fhógraí báis Mhichíl Uí Bhroin ar an *New York Times* 18 Meitheamh 1928, lch 19, *Irish World* 23 Meitheamh 1928 agus *Gaelic American* 30 Meitheamh 1928.

 © Institiúid Ard-léinn Bhaile Átha Cliath 1991

> The death of Michael A. O'Byrne . . . will be regretted by Irish Irelanders in New York and throughout the country.
>
> Long before the Gaelic League came into existence Michael A. O'Byrne was active in his endeavor to preserve the language from death and decay. A native Irish speaker, he never faltered in his efforts to revive the ancestral tongue. . . .

Bhí an Branach ag saothrú na Gaeilge i Nua-Eabhrac chomh luath le 1878, nuair a luaitear é mar leas-uachtarán ar chraobh de Chumann na Gaeilge dárbh ainm 'The West 43d Street School'.[7] An bhliain dár gcionn bhí sé ina uachtarán ar an gcraobh chéanna[8] Bhí sé páirteach sa ngluaiseacht i rith na n-ochtóidí sa gcéad seo caite. I Márta 1890, tá sé luaite mar chathaoirleach ar choiste de chuid Chumann na Gaeilge i Nua-Eabhrac a bhí ag iarraidh ar ollscoileanna áirithe i Meireacá ollúntachtaí le Gaeilge a bhunú.[9] Mí ina dhiaidh seo faighimid tagairt eile dhó san *Irish-American* dár dáta 26 Aibreán 1890, lch 3:

> The following is a full report of the Gaelic address of Mr. M. A. O'Byrne, delivered at the 'Feis Ceoil' of the Gaelic Society, on Easter Tuesday evening, of which we gave a translation in our last issue:–
>
> A Uachdaráin Urramaigh, a mhná-uaisle, agus a Dhaoine-uaisle – Is é bhur m-beatha agus bhur sláinte annso a nocht! Tá áthas mór orrainn sibh uile d'fheicsin san g-cruinniughadh ghlórmhar so de Chlann na n-Gaodhal mar cuireann bhur laithearachd ionamhuil de'n domhan nach bh-fuil sibh neamh-suimeamhuil i d-taoibh bhur d-teangan a's bhur g-ceóil; agus go bh-fuil fíor-spiorad na tír-ghrádhuigheachda fór [*sic*] beó in bhur g-croidhthibh. . . .

Leanann an Branach ar aghaidh san óráid seo le cur síos a dhéanamh ar léann na hÉireann agus ansin labhraíonn sé ar an bhfeachtas atá ar siúl acu le 'cathaoir cum saorthuighthe teangan agus staire na h-Eireann, a chur air buin san árd-scoil tíreamhail i Washington, agus b'fhéidir i g-ceann eile de árd-sgoiltibh na tíre. An d-tabhairfidh sibh aon chúngnamh dhuinn?'

In eagrán na Bealtaine 1895 d'*Irisleabhar na Gaedhilge*, lgh 23–6, d'fhoilsigh sé píosa seanchais óna chontae dúchais 'Seaghán Nodlag: a Waterford history'. Ó Lúnasa 1899 go dtí Márta 1900, bhí sraith alt aige sa n*Gaodhal* dár teideal 'Seanchus geárr ó Chontae Phortláirge'. Faighimid píosa eile seanchais dá chuid ó Phort Láirge san *Smaointeóir* Bealtaine 1922, lch 74, a bhfuil an teideal 'Sprid Áth-na gCann' [*sic*] air. San alt seo deir sé go bhfuil Áth na gCeann 'i bparóiste Maothail . . . i nDéisibh Mumhan agus b'fhéidir a cúig nó a sé de mhíltibh siar ó dheas ó Port-ládhach agus a cúig nó a sé de mhíltibh díreach ó dheas ó

[7] *Irish-American* 21 Mí na Nollag 1878 agus 11 Eanáir 1879.
[8] ibid. 20 Meán Fómhair 1879.
[9] ibid. 1 Márta 1890.

Charraig na Súire'.[10] Tá fianaise againn go mba cainteoir maith Gaeilge a bhí ann. I litir a scríobh 'Éireannach' chuig an g*Claidheamh Soluis* 15 Aibreán 1899, lch 67, ag inseacht faoin gcaoi ar comóradh Lá Fhéile Pádraig i Nua-Eabhrac, deir sé:

> An oidhche roimhe bhí cruinniughadh de lucht cosanta na Gaedhilge .i. Cumann na Gaedhilge, in a seómraidhibh i dtigh 64 Madison-avenue, chum Fighil na Féile Phádraig do shollamhnughadh. . . .
>
> Thug Michéal na [*sic*] Broin comhrádh uaidh as Gaedhilg ar bheathaidh 7 imtheachtaibh Naoimh Pádraig. Ag trácht dó ar chraobhsgaoileadh an Chreidimh i nÉirinn do Naomh Pádraig, do thagair sé do'n teinidh .i. teine na Cásga, do las an Naomh ar Chnoc Sláine, 7 dubhairt sé mar leanas: – 'Nuair chonnairc Laoghaire Árd Rí an teine ar lasadh, do ghlaoidh sé ar an árd draoi 7 d'fhiafruigh sé dhé cia'n chiall a bhí leis an teinidh sin, nó cia do las í? . . .

I dtuairisc ar an tríú comhdháil bhliantúil de Chonnradh na Gaedhilge i Meireacá a tionóladh 8 Bealtaine 1900 i mBoston, luaitear Mícheál Ó Broin mar dhuine de 'a number of eloquent Irish speakers present'[11] agus deirtear: 'M. A. O'Byrne, of the Harlem (N.Y.) Gaelic Society, presented an elaborate series of resolutions, in Irish, calling on the Ancient Order of Hibernians to aid the Gaelic League in its work'.[12] Ba é M. A. O'Beirne [*sic*] a bhí i mbun an Phaidrín Pháirtigh i nGaeilge nuair a tugadh corp an Athar Ó Gramhnaigh isteach in Ard-Eaglais Naomh Pádraic, Nua-Eabhrac, ar an 17 Meán Fómhair 1903.[13]

Choinnigh an Branach air ag obair ar son chúis na Gaeilge ar feadh a shaoil. Leathchéad bliain, ó 1878 go 1928, a chaith sé léi i Nua-Eabhrac. Mar a dúradh cheana bhí ranganna á múineadh aige in Ollscoil Cholumbia ó 1914 suas go dtí bliain a bháis. Bhí sé an-ghníomhach freisin san Harlem Gaelic Society, mar is léir ó neart tagairtí dhó san iris *An Smaointeóir*.[14] Seans go raibh roinnt Gaeilge ag a chlann freisin, nó ag inín amháin ar a laghad, mar luaitear 'Miss Anna O'Byrne' mar mhúinteoir Gaeilge don Harlem Gaelic Society.[15] Miss Anna O'Byrne, ar ndóigh, a dhíol na lámhscríbhinní le Ollscoil Wisconsin i 1938.[16]

[10] Tá roinnt mhaith dearmad cló i gcolúin Ghaeilge *An Smaointeóir*. Go hiondúil ní féidir bheith cinnte arbh é an scríbhneoir nó an clódóir ba chiontsiocair leis na dearmaid sin.

[11] *The Gael* Meitheamh 1900, 183.

[12] ibid., 181.

[13] *Irish-American* 19 Meán Fómhair 1903. Deir P. Mac Aonghusa gur b'shin í 'an chéad uair ar úsáideadh Gaeilge go poiblí san Ard-Eaglais' ('An Ghaeilge i Meiriceá', in Ó hAnnracháin, *Go Meiriceá siar*, 26).

[14] 'Irisleabhar oifigeamhail Connradh na Gaedhilge Státa Nuaidh Eabhraic' a bhí sa *Smaointeóir*. Mhair sé ó 1919 go dtí 1924. Ní bhíodh i nGaeilge ann ach corr-alt. Bhí cúpla písín béaloidis ann a bhí réasúnta suimiúil.

[15] *An Smaointeóir* Lúnasa 1923. Tá an tagairt le fáil ar an gclúdach tosaigh ar an taobh istigh i bhfógra le haghaidh 'The Harlem Gaelic League'.

[16] Buttimer, 2.

Agus tugann seo go ceist na lámhscríbhinní muid. De réir dealraimh, b'as Co. Phort Láirge ó cheart trí cinn (LSS 177, 181 agus 182) de naoi lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Wisconsin agus seans go raibh baint ag ceann eile acu (LS 176) leis an gcontae sin freisin.[17] Ó tharla gurb as Port Láirge don Bhranach, tá chuile sheans ann gur thug sé na lámhscríbhinní seo anall leis timpeall 1878.[18] Ach, ar ndóigh, ní féidir bheith cinnte nach bhfuair sé iad ó dhuine de mhuintir Phort Láirge i Meireacá.[19] de réir dealraimh, bhí ceann de na lámhscríbhinní [Wisc. 176] i seilbh an Bhranaigh chomh luath le 1891, mar a fhaighimid amach uaidh féin sa nóta seo:

> In reading over the printed copy of *Trí Bior-Gaoithe an Bháis*, recently published in Dublin, and edited by Dr. Atkinson, I find, on comparing it with a manuscript copy of the same great work which I have in my possession, that there are some very important differences between the text of the Atkinson print and that of my MS. copy which I may on a future occasion bring under the notice of Gaelic scholars through your columns. For the present, I give you the enclosed chapter of the work which has been entirely omitted from the Atkinson edition. . . .[20]

Is léir go bhfuair an Branach ar a laghad ceann amháin de na lámhscríbhinní seo sna Stáit. Is í sin LS 178, a bhfuil na hainmneacha seo breactha inti: Ioseph Ua Croimín, Dáithi Ua Caoímh ('134 Sráid Aonta, Brúchlinnd Theas') agus Domhnal Magnaer.[21] Daoine iad seo a bhí

[17] ibid., 6–11.

[18] Ceapaim gurb as ceantar an Mhaothail an Branach, ach níl cruthúnas agam air sin go fóill. Baineann na píosaí béaloidis a d'fhoilsigh sé leis an gceantar sin agus feicimid sna giotaí sin go raibh eolas maith aige ar sheanchas na háite. Is sa gceantar sin a bhí cónaí ar Labhrás Ó Fuartháin, scríobhaí LSE 177.

[19] Is léir go raibh caidreamh ag an mBranach le Déisigh eile i Nua-Eabhrac. Feic mar shampla *An Smaointeoir* Lúnasa 1920, 113, áit a bhfuil litir ón mBranach et al. ar bhás Sheumais Uí Mhuirgheasa, fear a rugadh i nGleann Seasc láimh le Lios Mór agus a cailleadh ar 22 Meitheamh 1920 i Nua-Eabhrac.

[20] M. A. O'Byrne, 'To the Editors of the Irish-American', *Irish-American* 16 Bealtaine 1891. Tosaíonn an giota: 'Is maith do thuig Eóin Baiste an dímbrigh do dhligheas neach. . .'.

Ba mhaith liom liosta a thabhairt anseo de thagairtí eile atá faighte agam do Mhícheál Ó Broin:

(1) alt aige, 'How the Celtic revival arose', san *Catholic World* Márta 1896, 764–74;

(2) tagairt dó ins *An Gaodhal* Márta 1898, 74: 'Only one member, M. A. O'Byrne, of the New York Gaelic Society is a subscriber to the *Gael*. The Philo-Celtic Society takes five copies and a large number of its members are subscribers';

(3) alt aige 'Gur ceart dúinn an Ghaehdilg do choimeád beó', ins *An Gaodhal* Aibreán 1899;

(4) ceachtanna Gaeilge aige ins *An Gaodhal*, Meitheamh 1899 – Márta 1900;

(5) eagarfhocal ins *An Gaodhal* Aibreán 1900;

(6) síntiús don Oireachtas ó 'M. A. O'Byrne, 370 West 11th-street, New York', *Irisleabhar na Gaedhilge* Meitheamh 1902, 83;

(7) leagan de 'Duan na Sacramainte' a thóg sé síos i Meireacá ó fhear as Contae an Chláir, *An Smaointeóir* Lúnasa 1920, 103–4.

[21] Buttimer, 25.

gníomhach i ngluaiseacht luath na Gaeilge i Nua-Eabhrac, *c.*1878–95. Bhí Dáithí Ua Caoimh ina Uachtarán ar Chumann na Gaeilge agus ina mhúinteoir freisin don Chumann sin. Faighimid léargas tarraingteach ar Mhac Uí Chaoimh i mbun ranga i litir a scríobh Edw. J. Rowe, 'Cor. Sec.' Chumann na Gaeilge chuig an *Irish-American* (6 Iúil 1878, lch 8):

> . . . . The classes were carefully graded . . . and each teacher assigned to his duty. Mr. D. O'Keeffe wields the crayon with such ease and elegance that he was assigned to the primary class, which study the alphabet and simple words from the blackboard. . . . Everything went on swimmingly 'till 6 o'clock, when school was 'let out'. The pupils from the higher classes advanced to the primary class, to encourage them and exchange friendly greetings. As they approached they were struck with the stillness of Mr. O'K's class; but when they drew nearer the cause became manifest. There stood Mr. O'Keeffe with closed eyes, his hands raised, the tips of his fingers touching each other; while ecstasy beamed in his countenance, as he slowly and mellifluously poured forth one of the poems of Oisin. His hearers who understood the language were entranced, and those who did not understand it thought it sounded more sweetly than ever before. . . .

San *Irish-American* dár dáta 3 Lúnasa 1878 tá litir Ghaeilge ó 'Dáthi Ua Caoimh' ag cur fáilte roimh dhaoine a theacht don scoil nua Ghaeilge. Seo giota aisti:

> Eabhrac Nuadh, an 13 do Mhitheamh, 1878.
>
> A Shaoi Chlódhaire, – Do bhí morán gearánta re fada ag daoine in san g-cathair so, ná raimh aon ar bith do mhuinfeach teanga na Gaodhilge dhoibh, ná raimh mar an g-ceadhna aon ait go bh-foghlaimidis í, acht anois ní bheidh sin le radh aco as so amach, mar atá oidighe cum eolais do thabhairt doibh, agus áit chum teagaisg do thabhairt do gach n-aon le ar miánn.

Tá aistriúchán go Gaeilge ag Ua Caoimh san *Irish-American* 4 Mí na Nollag 1880 ar 'Cuisle geal mo Chroidhe'. Sa nóta atá leis deir sé:

> Gentlemen, – I take the liberty of giving to your readers, this week, the beautiful poem of 'Chuisle Geal mo Chroidhe', which was composed by the late Colonel Michael Doheny, on the mountains of the county of Cork, near Bantry, in the year 1848. At the time a price was on his head. . . . Poor Doheny was a wonderful combination of the best elements of our common humanity. . . . The late General Halpine, in describing 'the men of '48', says of him – 'Reader, if you are coming down Broadway, and should meet a thick-set man, having on a low Kossuth hat, and wearing brown, dusty, rusty whiskers, stop, – take off your hat, and salute this *diamond in the rough*'. This picture was perfect, for such was the man.

Tá tagairt eile do Mhac Uí Chaoimh i litir atá san *Irish-American* 25 Mí na Nollag 1880, lch 8, a scríobh John McGuire ag inseacht faoi imeachtaí 'St. Laurence's Irish School'. Sa litir luann sé gur thug 'Mr. David O'Keeffe, of South Brooklyn', ceacht ar stair agus teanga na hÉireann dóibh siúd a bhí i láthair.

Bhí Domhnall Magnaer ('Magnéir' aige corr-uair, agus 'Daniel Magner' aige air féin i mBéarla) gnóthach i mbun pinn freisin. Chuir sé aistriúchán Gaeilge dár teideal 'Oidhe Caitlín' ar shaothar Gerald Griffin 'The fate of Kathleen' i gcló ar an *Irish-American* (11 Mí na Nollag 1880, lch 3, agus 8 Eanáir 1881, lch 3). De réir dealraimh d'fhoilsigh sé na scéalta ar fad beagnach atá in Wisconsin 178 ar an *Irish-American*. Seo thíos na tagairtí:

5 agus 12 Márta 1881, 'CAITH CLUANA TAIRBH' [Wisc. 178, lgh 157–75], as lámhscríbhinní a fuair sé 'ó na Saoithibh Croimín agus Clúan' [tosach an scéil ón dara lámhscríbhinn acu agus a dheireadh ón gcéad cheann .i. Wisc. 178. Le dáta 'Fort Washington, Feb. 5th, 1881'].

28 Eanáir – 4 Márta 1882, 'OILEAMHUIN CUCHULLAINN' [Wisc. 178, lgh 1–38].

18 Márta – 15 Aibreán 1882, 'OIDHE CHONNLAOCH MHAC CUCHULLAINN' [Wisc. 178, lgh 77–100].

7 Iúil – 8 Meán Fómhair 1883, 'BRISLEACH MAIGHE MUIRTHEAMHNE' [Wisc. 178, lgh 176–216: 'kindly lent me by Mr. Joseph Cromien'].

8 Mí na Nollag 1883, 'CÓMHRAC FIRDIADH AGUS CUCHULLAINN' [Wisc. 178, lgh 39–75].

4 Deireadh Fómhair 1884, 'CATH CNOCHA' [Wisc. 178, lgh 101–156; buíochas aige ar 'Mr. Joseph Cromien' as iasacht na lámhscríbhinne, agus ar 'Dr. McDonald, of Harlem', óna bhfuair sé cóip eile, 'through Captain T. D. Norris'].

Beagán blianta ina dhiaidh sin, feicimid go raibh baint ag 'Daniel Magnier' le lámhscríbhinn eile fós. Ar an *Irish-American* 7 Meitheamh 1890, lch 2, chuir sé tús le foilsiú 'Eachtra Uillin Airmdheirg . . . aidhscriobhtha le Seághan Ua Scannlán, ó Chilliaith, Chontae Chorcuidhe a n-Eirinn'. I nóta leis an scéal deir sé:

> The following romance was never before published. I have taken it from a manuscript transcribed many years ago by Mr. John Scanlan, originally of the county Cork, Ireland, and now living in Madison street, New York. . . . Daniel Magnier.[22]

Maidir le Ioseph Ua Croimín, bhí baint aige-sean leis na cumainn seo chomh maith. Bhí sé ina rúnaí comhfhreagrais don Philo-Celtic Irish School sa mbliain 1890. Tá dhá litir uaidh chuig an *Irish-American*

[22] Tosaíonn an scéal: 'Righ saidhbhir, saoir-bhéasach, soichinnéalta, réim-dhíreach, calma, catha-bhuadhach, cómh-líontach ro ghabh árd fhlathas agus fórlámhas air rígheachd na Gréige darab cómhainm Triathach mac Easgail'.

(22 agus 29 Márta 1890) agus iad sínithe 'Joseph Cromien, Cor. Sec.' Bhí sé sa gcumann sin fós i 1896, mar faighimid 'Joseph Cromien' i liosta a foilsíodh in *Irisleabhar na Gaedhilge* Aibreán 1896, lch 190, de bhaill an chumainn a bhí ina síntiúsóirí.[23]

Scríobh Buttimer ina réamhrá: 'The recent history of these manuscripts highlights the assiduous cultivation of Gaelic culture in late nineteenth-century New York. It points to the existence of substantial evidence for the writing of this untold story'.[24] Is fíor go raibh an Ghaeilge á saothrú go tréan i Nua-Eabhrac ag deireadh an chéid seo caite agus, go deimhin, i bhfad roimhe sin freisin. Dá mhéad dá mbreathnaítear isteach sa scéal seo is mó na hiontaisí atá le fáil.

KENNETH E. NILSEN

St Francis Xavier University, Antigonish, Nova Scotia

[23]Seans gurb é an 'Joe Cromien' a chuir lucht leanta Uí Dhonnabháin Rosa i gceannas ar fhiosrú poiblí 'chun fiafraí cad deineadh le hairgead an Chiste [Chatha]', ar foilsíodh tuarascáil uathu i Samhain 1882 (S. Ó Lúing, *John Devoy* (Baile Átha Cliath 1961) 68. Is é an Ciste Catha 'Skirmishing Fund', a chuir Patrick Forde agus Ó Donnabháin Rosa ar bun le 'mearbhuillí díobhála a bhualadh ar Shasana' (idem, *Ó Donnabháin Rosa* II (Baile Átha Cliath 1979) 62).

[24]Buttimer, 15.